AGUISÍN UIMHIR 8

SAINLEAS NA nÚDARÁS ÁITIÚIL I gCOMHLACHTAÍ

Nuair atá leas ag údarás áitiúil, mar chomhlacht corparáideach nó a chuid ball nó a chuid oifigigh de bhua a bpost, i gcomhlacht ar bith caithfear faisnéisiú faoin chomhlacht sin a nochtadh mar a leanas:

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Iontaobhas Lárionad na Mainistreach (*Abbey Centre Trust*)

2. **Príomhghníomhchtaí an Chomhlachta**
   Pictiúrlann agus Amharclann

3. **Úinéireacht Scaireanna (Tairbheach)**
   Comhlacht faoi Theorainn Ráthaíochta

4. **Ionadaíocht an Údaráis Áitiúil ar an Bhord**
   Tá ionadaí amháin, Traolach Ó Fionnáin, ag an Chomhairle ar an Bhord ag an am seo, ach faoin socrú is deireanaí, tá sé molta go mbeadh beirt ionadaithe air.

5. **Nádúr na mBannaí, frithghealltanais, deontais agus iasachtaí a thug an tÚdarás Áitiúil i leith iasachtaí an Chomhlachta**
   Thug an Chomhairle Chontae deontas de €125,704.07, aisíochta thar fiche bliain, do Iontaobhas Lárionad na Mainistreach le forbairt a dhéanamh ar an lárionad, rud atá déanta le roinnt blianta. Tá an t-aisíoc le tosú ar an 1 Eanáir 2006 agus aisíocfar €7,394.36 sa bhliain thar tréimhse seacht mbliana déag.

6. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Is le Comhairle Bhaile Bhéal Átha Seanaidh an t-áitreabh agus tá léas ag Iontaobhas Lárionad na Mainistreach air. De réir mar atá na coinníollacha leagtha amach sa Ghníomhas Cúnaint, tá muirear i bhfabhar Chomhairle Chontae Dhún na nGall ar an €252,677.88, suim a chlúdaíonn deontas de €126,973.81, a fuair siad roimh ré, agus an deontas in-aisíoctha atá luaite thuas. Mar gheall ar nádúr ealaíon agus cultúrtha an Chomhlachta, cheap an Chomhairle go raibh iallach orthu tacaíocht a thabhairt dóibh i gcomhar le Comhairle Bhaile Bhéal Átha Seanaidh.

7. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta le taispeáint i gcuntais an údaráis áitiúil**
   Tá cuntaisí iniúchta faighte ón Chomhlacht in aghaidh na bliana.

1. **Ainm an Chomhlachta**
Comhlacht Bainistíochta Ionad Fóillíochta Bhéal Átha Seanaidh Teo.
(*Ballyshannon Leisure Centre Management Ltd.*), An Pháirc Baile, Béal Átha Seanaidh.

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
Is iad príomhghíomhaíochtaí an chomhlachta ná bainistiú an Lárionaid Fóillíochta, linn snámha 25m san áireamh, sabhna, seomra gaile agus áras beag gleacaíochta.

3. **Úinéireacht Scaireanna**
Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta atá ann agus siocair nach bhfuil scairchaipiteal ag an chomhlacht, tá freagracht na mball teoranta.

4. **Stiúrthóirí an Chomhlachta:**
Eunan Kelly, Letterkenny P.S.C., Leitir Ceanainn, ionadaí Bhainisteoir na Comhairle Contae
An Comhairleoir John Meehan, Cúl Tulaigh, Béal Átha Seanaidh, ionadaí Chomhairle Baile Bhéal Átha Seanaidh
An Comhairleoir Seán McEniff, Derlua, Bun Dobhráin, ionadaí na Comhairle Contae
Ann McGloin, An Meal, Béal Átha Seanaidh, ionadaí an Rannóg Gnó
Eoin O'Moore, Baile Mhic a'Bhaird, Béal Átha Seanaidh, ionadaí na hEarnála Oideachais
An Clr. Barry O'Neill, Port Oirthir, Béal Átha Seanaidh (Cathaoirleach), ionadaí an Chomhairle Chontae
Séamus O'Neill, Bóthar na Carraige, Béal Átha Seanaidh, ionadaí *Users/Irish Water Safety*

5. **Nádúr na mBannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
Is é méid agus nádúr na mbannaí, frithghealltanais, deontais agus iasachtaí a thug an tÚdarás Áitiúil ná síntiús airgid de €126,973 a thug Comhairle Chontae Dhún na nGall nuair a rinneadh athchóiriú ar an Lárionad Fóillíochta i 1996.
Déanann an Chomhairle cúiteamh ar chailliúint costais oibre an Chomhlachta, suim a tháinig go dtí €75,472 sa bhlian 2005. Chuir an Chomhairle €182,000 in áirithe i mBuiséad 2004 mar chuidiú le Lárionad Fóillíochta Bhéal Átha Seanaidh a reáchtáil. San áireamh anseo fosta, bhí síntiús de €57,451 mar chomh-mhaoiniú i gcomhair leathnú ar an Ionad Fóillíochta.
Istigh le soláthar an Bhuiséid fosta, bhí € 9,869 a dhíolann an Chomhairle i leith Árachas Dliteanais Phoiblí ar Ionad Fóillíochta Bhéal Átha Seanaidh a thugann an Comhlacht ar ais don Chomhairle. Lena chois sin, dhíol an Comhlacht €11,549 leis an Chomhairle faoi choinne Rátaí Tráctácha agus Rátaí Uisce.

6. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
Is leis an Chomhairle an Lárionad agus ní féidir leis an Chomhlacht iasacht a fháil nó airgead a bhailiú gan cead ón Chomhairle.

7. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta le taispeáint i gcuntais an údaráis áitiúil.**
Tá íocaíochtaí don lárionaid seo le feiceáil i gClár 6, Caiteachas Ioncaim Reatha.

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Aerfort Charraig Fhinne (*Carrickfin Airport*)

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Is iad príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta ná áiseanna tuirlingte agus seirbhisí ábhartha a chur ar fáil d'eitleáin agus paisinéirí ag Aerfort Réigiúnach Charraig Fhinne.

3. **Úinéireacht Scaireanna**
   Neamhábhartha.

4. **Stiúrthóirí an Chomhlachta:**
   Francie Coyle

5. **Nádúr na mBannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
   Chuir an Chomhairle cuidiú airgid ar fáil le deich mbliana anuas d'fhorbairt infreastruchtúrtha an aerfoirt. Ba é suim de €40,000 an cionroinnt bhliantúil do na blianta 2004 agus 2005.

6. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Neamhábhartha.

7. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta le taispeáint i gcuntais an údaráis áitiúil.**
   Neamhábhartha.

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Sinsear Dhún na nGall Teo. (*Donegal Ancestry Ltd.*)

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Is í seo an eagraíocht oifigiúil do thaighde ginealaigh agus teaghlach i gContae Dhún na nGall, le haitheantas ó Irish Genealogy Ltd, agus feidhmíonn sí le treoir ó Roinn an Taoisigh, le tacaíocht ó FAS.

   Tá dhá phríomhréimse gníomhaíochta ag an chomhlacht: 1) ag cur seirbhís taighde ginealaigh ar fáil, ar bhun íocaíochta táille, do chustaiméirí in Éirinn agus thar lear; agus 2) ag cur seirbhís cuairteoireachta agus oidhreachta ar fáil do bhaile Ráth Mealtain, baile oidhreachta de chuid Fáilte Éireann.

3. **Úinéireacht Scaireanna**

   Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal é Sinsear Dhún na nGall Teo.

4. **Stiúrthóirí ainmnithe ag an Chomhairle:**
   An Comhairleoir Liam Blaney
   An Comhairleoir Noel McBride

5. **Stiúrthóirí ainmnithe ag Bainisteoir Contae Dhún na nGall:**
   Niamh Brennan, Cartlannaí

6. **Nadúr na mBannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
   Tá iallach ar An Chomhairle, faoi théarmaí chonartha atá ann ó Bhord Fáilte, An Clár um Shíocháin & Athmhuintearais, an IFI agus INTERREG, costais oibre Sinsear Dhún na nGall Teo. a fhrithghealladh ar feadh tréimhse 10 mbliana, ag tosú i 2001. Bhí costas €42,263 ar An Chomhairle i 2001, €39,096 i 2002, €45,298 i 2003 agus €41,366 i 2004. Go dtí go mbeidh Cuntas Iniúchta faighte ar ais don tréimhse dar chríoch 31 Nollaig 2005, níl Meastachán déanta ar neamhchosaint na Comhairle.

7. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh Leis an Chomhlacht**
   Neamhábhartha.

8. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta le taispeáint i gcuntais an údaráis áitiúil.**
   Neamhábhartha.

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Lárionad Eolais do Shaoránaigh Dhún na nGall Teoranta

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Tá an chomhlacht seo freagrach as reáchtáil Ionad Eolais do Shaoránaigh ar fud Dhún na nGall, na cúig hAonad Eolais Neamhspleách atá lonnaithe sna hIonaid Seirbhísí Pobail de chuid Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Cuireann an Chomhairle formhór an mhaoiniúcháin ar fáil.

3. **Úinéireacht Scaireanna**
   Comhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal.

4. **Stiúrthóir ainmnithe ag Bainisteoir Contae Dhún na nGall:**
   Seán Sheridan, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha

5. **Stiúrthóirí ainmnithe ag an Chomhairle**
   Neamhábhartha

6. **Nádúr na mbannaí, frithghealltanais, deontais srl.**
   Tá spás oifige, saor in aisce, curtha ar fáil ag Comhairle Chontae Dhún na nGall go gach ceann de na hAonaid Eolais neamhspleácha.

7. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Neamhábhartha

8. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta le taispeáint i gcuntais an údaráis áitiúil.**
   Neamhábhartha

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Comhlacht Forbartha Pobail & Cultúrtha Dhún na nGall Teo.

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Foirgneamh don Ionad Cultúrtha Réigiúnach ag Bóthar an Chalaidh, Leitir Ceanainn, a thógáil, a choimeád agus a ligint ar cíos le roinnt tionóntaí (Comhairle Chontae Dhún na nGall/Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn an príomhthionónta).

3. **Úinéireacht Scaireanna**
   Comhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal.

4. **Ionadaíocht an údaráis áitiúil ar Bhord an Chomhlachta**
   Is ball foirne d'Údarás Áitiúil Dhún na nGall na Baill agus na Stiúrthóirí go léir.
   Is iad seo na Baill: Bartley McGlynn, Patrick Doherty (Comhairle Baile Leitir Ceanainn), Traolach Ó Fionnáin, Aideen Doherty agus Liam Kelly.
   Is iad seo na Baill agus na Stiúrthóirí: Fitz Howard, Shaun Hannigan, Micheál Ó hÉanaigh agus Eileen Burgess.

5. **Méid agus nádúr aon bhannaí, frithghealltanais, deontais agus/nó iasachtaí i ndáil le hiasachtaí faighte ag an Chomhlacht.**
   Tá an tionscadal á mhaoiniú ó roinnt foinsí poiblí agus tá Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhairle Baile Leitir Ceanainn ag déanamh maoiniú ar an fhuílleach óna Scéimeanna do Ranníocaíocht Forbartha faoi seach.

6. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Tá ráthaíocht geallta ag Comhairle Chontae Dhún na nGall ar rótharraingt don Chomhlacht, le teorainn de €1 milliún.

7. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta le taispeáint i gcuntais an údaráis áitiúil.**
   Tá cuntas reatha bainc ar leith ag an Chomhlacht le Banc Uladh agus coinneoidh siad cuntais iniúchta ar leith.

1. **Ainm an Chomhlachta**
Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhun na nGall Teo.
(*Donegal Local Development Co. Ltd.)*

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
Tá baint ag an chomhlacht le bainistíocht Leader Plus agus cláir bunaithe ar pháirtíocht ceantair le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tuaithe agus pobail agus tugann na Ranna éagsúla Rialtais tacaíocht airgid dóibh.

3. **Úinéireacht Scaireanna**
Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal é Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall Teo.

4. **Stiúrthóirí ainmnithe ag Bainisteoir Contae Dhún na nGall:**
Garry Martin, Bainisteoir Rannóige

5. **Stiúrthóirí ainmnithe ag an Chomhairle**
An Comhairleoir Seán Mc Eniff
An Comhairleoir Alice Bonner

6. **Nádúr na mBannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
Neamhábhartha.

7. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
Neamhábhartha.

8. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta le taispeáint i gcuntais an Údaráis Áitiúil.**
Neamhábhartha.

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall Teo.

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Forbairt Spóirt agus Pobail I gContae Dhún na nGall.

3. **Úinéireacht Scaireanna**
   Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta é Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall Teo.

4. **Stiúrthóirí an Chomhlachta:**
   An Clr. Ciarán Brogan
   An Clr. Barry O'Neill
   An Clr. Alice Bonner

5. **Stiúrthóir ainmnithe ag Bainisteoir Chontae Dhún na nGall:**
   Claire Mulhall, CEDO (éirithe as Meán Fómhair '05)
   Joanne Kilmartin, A/CEDO (ó Meán Fómhair '05)

6. **Nádúr na mbannaí, frithghealltanais, deontais srl.**
   Not applicable

7. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Neamhábhartha.

8. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta le taispeáint i gcuntais an údaráis áitiúil.**
   Neamhábhartha.

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Turasóireacht Dhún na nGall Teo

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Cur chun na Turasóireachta I gContae Dhún na nGall. Thug an Chomhairle €41,000 do Thurasóireacht Dhún na nGall Teo. sa bhliain 2004 ar mhaithe le turasóireacht a chur chun cinn sa Chontae.

3. **Úinéireacht Scaireanna**
   Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal é Turasóireacht Dhún na nGall Teo

4. **Stiúrthóirí ainmnithe ag Bainisteoir Contae Dhún na nGall:**
   Micheál Ó hÉanaigh, Stiúrthóir Seirbhísí
   Anne Marie Conlon, Oifigeach um Shaoráil Faisnéise (ó Aibreán 2005)

5. **Nádúr na mbannaí, frithghealltanais, deontais srl.**
   Cionroinnt na Comhairle - €45,000 sa bhliain 2005

6. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Neamhábhartha.

7. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta le taispeáint i gcuntais an údaráis áitiúil**
   Neamhábhartha.

1. **Ainm an Chomhlachta**

   Comhlachta Bainistíochta Fhéile Ealaíon an Earagail Teo.
   (*Earagail Arts Festival Management Company Ltd.*,) Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn, An Lárleabharlann, Bóthar Oilibhéar Pluincéad, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**

   - Pleanáil, bainistiú agus cur chun cinn a dhéanamh ar Fhéile Bhliantúil Dhátheangach (Gaeilge agus Béarla) Ildisciplíneach do na hEalaíona ar fud sprioc-cheantair leitheadach Shliabh an Earagail i gContae Dhún na nGall – an cheantar sin a mhaítear a bheith "Ó Thuaidh ón Bhearnas" agus ina bhfuil an Ghaeltacht san áireamh.
   - Clár ealaíon a chur i láthair atá nuálaíoch, cruthaitheach agus spreagthach don réigiún.
   - Tacú go gníomhach follasach le tábhacht agus stádas na Gaeilge laistigh den réigiún .
   - Cloí i gcónaí leis na caighdeáin proifisiúnta is airde i dtaca le sármhaitheas ealaíon, bainistíocht, léiriú agus cur i láthair.
   - Tacaíocht ghníomhach a thabhairt d'ealaíontóirí agus ionaid ealaíon áitiúla.
   - Cuireadh a thabhairt do chomhlachtaí ealaíon agus d'ealaíontóirí gairmiúla idirnáisiúnta den chéad scoth a theacht chun oibre i nDún na nGall.
   - A bheith san airdeall i gcónaí ar nádúr scoite an phobail ina bhfuil an fhéile lonnaithe.
   - A bheith ina bhuntáiste i gcónaí don phobal áitiúil agus do chuairteoirí araon agus cionroinnt shuntasach a dhéanamh d'fhorbairt leanúnach ar thurasóireacht chultúrtha sa cheantar.

3. **Úinéireacht Scaireanna:**

   Tá comhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal. Tá fiachais teoranta ar na baill.

4. **Stiúrthóirí ainmnithe ag an Chomhairle:**

   An Comhairleoir Councillor Brian Ó Domhnaill (ó mhí na Samhna 2005)
   An Comhairleoir Dessie Larkin
   An Comhairleoir Jimmy Harte

5. **Stiúrthóir ainmnithe ag Bainisteoir Contae Dhún na nGall:**

   Fintan Moloney agus Méabh Uí Chonnacháin

   Tá na daoine seo a leanas ina mbaill de bhrí oifige:
   Stiúrthóir Seirbhíse - Micheál Ó hÉanaigh; Oifigeach Forbartha Ealaíon - Traolach Ó Fionnáin; Bainisteoir an Ionaid Ealaíon- Shaun Hannigan; Stiúrthóir Amharclainne, An Grianán - Patricia Mc Bride

6. **Faoi réir ag cead ón Chomhairle Ealaíon, d'ainmnigh an Bord Stiúrthóirí beirt Stiúrthóir:**

   Úna Campbell agus Micheál Ó Fearraigh

7. **Rúnaí**
   Eunan Kelly, Bainisteoir Ceantair

8. **Nádúr na mbannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
   Sa bhliain 2005, thug an Chomhairle Chontae síntiús de €55,000 mar chuidiú le costas na Féile. Lena chois sin, cuireann an Chomhairle Árachas Dliteanais Phoiblí ar fáil don Fhéile.

   Chomh maith leis sin, fuair an Fhéile maoiniú ón Chomhairle Ealaíon, Údarás na Gaeltachta, Fáilte Éireann, Turasóireacht an Iarthuaiscirt, Comhairle Baile Leitir Ceanainn, TG4 agus Foras na Gaeilge D'fhreastail corradh le 31,000 duine ar imeachtaí na Féile sa bhliain 2005.

9. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Tá sé de cheart ag an Chomhlacht airgead a fháil ar iasacht nó tiomsú airgid a dhéanamh gan cead ón Chomhairle.

10. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta le taispeáint i gcuntais an údaráis áitiúil**
    Taispeántar íocaíochtaí leis an Fhéile i gClárghrúpa 6, Caiteachas Ioncam Reatha

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Comhlacht Forbairt Fiontar na hÉirne Teo. (*ERNE Enterprise Development Company Ltd,* nó an *Assaroe Lake Centre* mar a bhí air roimhe seo).

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Is iad príomhghníomhaíochtaí an chomhlachta seo ná tionscnaimh agus fiontair pobail a bhunú agus a fhorbairt a rachaidh chun sochar don Phobal Áitiúil, airgead a thógáil le feabhas a chur ar staid shóisialta agus eacnamaíochta, fostaíocht a chruthú agus maoin an phobail a ghríosú chun fiontar agus obair a chur ar fáil.

3. **Úinéireacht Scaireanna**
   Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal é Comhlacht Forbairt Fiontar na hÉirne Teo.

4. **Stiúrthóirí an Chomhlachta:**
   An Comhairleoir Barry O'Neill

5. **Nádúr na mBannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
   Thug Comhairle Chontae Dhún na nGall deontas de €126,973 i leith iasachtaí an Chomhlachta. Thug an Chomhairle síntiús de €12,697.38 sa bhliain 2005.

6. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Tá Gníomhas Cúnaint ag an Chomhairle do réamhíocaíochtaí don Chomhlacht

7. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta le taispeáint i gcuntais an údaráis áitiúil**
   Neamhábhartha.

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Músaem Míleata Dhún Riabhaigh Teo. (*Fort Dunree Military Museum Co. Ltd.*)

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Is é seo iarsmalann speisialtóireachta a insíonn scéal cosanta Loch Súilí ó thús an naoú céad déag go dtí gur stad daoinne ag cosaint na ndúnta tar éis an Dara Cogadh Domhanda. Déanann An Chomhairle cur chun cinn ar an Iarsmalann i gcomhar le Cairde Dhún Riabhaigh, eagraíocht dheonach áitiúil.

3. **Úinéireacht Scaireanna**
   Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal é Músaem Míleata Dhún Riabhaigh Teo.

4. **Stiúrthóirí ainmnithe ag an Chomhairle:**
   An Comhairleoir John Boyle
   An Comhairleoir Francis Conaghan
   An Comhairleoir Rena Donaghey

5. **Stiúrthóirí ainmnithe ag Bainisteoir Contae Dhún na nGall:**
   Judith McCarthy, Coimeádaí an Mhúsaeim

6. **Nádúr na mBannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
   Níl socruithe ar bith maidir le bannaí, frithghealltanais, deontais, nó iasachtaí idir An Chomhairle agus Músaem Míleata Dhún Riabhaigh Teo. Sna blianta 2001, 2002, 2003 agus 2004, chuir an Comhairle £10,000, €12,700, €12,700 agus €12,700 faoi seach ar fáil don chomhlacht. Lena chois sin, cheadaigh Tascfhórsa PEACE II Chomhairle Chontae Dhún na nGall €62,299 don chomhlacht mar Dheontas Caipitil ar mhaithe le siúlóidí a fhorbairt laistigh den choimpléasc. Sa bhliain 2005, thug an Chomhairle a cionroinnt bhliantúil de €12,700.

7. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Neamhabhártha.

8. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta le taispeáint i gcuntais an údaráis áitiúil.**
   Neamhábhartha.

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Forward Emphasis International Limited.

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Lárionad Glaonna.

3. **Úinéireacht Scaireanna (Tairbhe)**
   Comhlacht faoi Theorainn Scaireanna.

4. **Ionadaíocht an Údaráis Áitiúil ar an Bhord**
   Níl ionadaíocht ar bith ag an Údarás Áitiúil ar an Bhord.

5. **Méid agus nádúr na mbannaí, frithghealltanais, deontais agus iasachtaí a thug an tÚdarás áitiúil i leith iasachtaí faighte ag an Chomhlacht**
   Cheannaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall an t-áibreabh ag Brí, Málainn, ar chostas iomlán de €574,178.68 agus tugadh ar léas é do Forward Emphasis International ar tháille ainmneach de €12.70 sa bhliain. Curtha san áireamh sa Mheabhrán Comhaontaithe bhí buiséad athchóirithe de €327,000, agus tá seo uilig tarraingthe anuas. Rinne an Chomhairle Chontae athbhreithniú ar chíos an áitribh i gcomhthéacs an socrú léasa/ceannaigh agus is €7,500 an figiúr úr cíosa sa mhí.

6. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Is le Comhairle Chontae Dhún na nGall an t-áitreabh. Ba chóir a lua go ndearnadh cinneadh ag Cruinniú den Chomhairle ar an 29ú Samhain 2004 go ndéanfadh an Chomhairle diúscairt ar thailte ag Brí, Ceann Mhálanna, le Forward Emphasis International Ltd, de réir Alt 211 den Acht um Phleanáil & Forbairt, 2000, agus Alt 183 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

7. **Cén dóigh agus cá háit a léirítear torthaí an Chomhlachta i gcuntais an Údaráis Áitiúil**
   Tá sé d'iallach ar an Chomhlacht, a bhuí do chomhaontú, cuntais iniúchta a chur faoi bhráid Chomhairle Chontae Dhún na nGall gach uile bhliain.

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Comhlacht Páirtíochta Inis Eoghain Teo. (*Inishowen Partnership Co. Ltd.*)

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Tá baint ag an chomhlacht le forbairt agus le heagraíocht grúpaí deonacha pobail, gníomhaireachtaí reachtúla agus páirtíochtaí sóisialta. Cuireadh ar bun é chun an Clár um Chuimsiú Sóisialta 2000/2006 a chur chun tosaigh.

3. **Úinéireacht Scaireanna**
   Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal é Comhlacht Páirtíochta Inis Eoghain Teo

4. **Stiúrthóirí ainmnithe ag Bainisteoir Contae Dhún na nGall:**
   Vincent Lynn, Innealtóir Sinsearach

5. **Nádúr na mBannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
   Neamhábhartha.

6. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Neamhábhartha.

7. **Cén dóigh agus cá háit a léirítear torthaí an Chomhlachta i gcuntais an Údaráis Áitiúil**
   Neamhábhartha.

1. **Ainm an Chomhlachta**
   ICBAN (*Irish Central Border Area Network*).

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Ag déanamh riaracháin ar airgeadú Interreg IIIA do Cheantar Lárnach na dTeorann, a chlúdaíonn deich nÚdarás Áitiúil, agus straitéisí a chur i bhfeidhm d'fhorbairt agus d'fheabhas eacnamaíochta agus sóisialta ceantar na teorann trí aghaidh a thabhairt ar infreastruchtúr agus seirbhisí iompair, comhshaoil, cathartha agus pobail.

3. **Úinéireacht Scaireanna (Tairbheach)**
   Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta.

4. **Ionadaíocht an Údaráis Áitiúil ar an Bhord**
   Tá beirt Chomhalta (na Comhairleoirí Éanna Ó Cnáimhsí agus Pádraig Ó Dochartaigh) ainmnithe chuig Bord na Stiúrthóirí, agus tá beirt eile (na Comhairleoirí Jonathan Kennedy agus Brendan Byrne) ainmnithe chuig an Ghréasán. Tagann na hionadaithe tofa seo as Toghcheantair Bhaile Dhún na nGall agus na nGleanntach. Lena chois sin, tá ionadaíocht ag an Bhainisteoir Contae, nó duine ainmnithe aige, ar Bhord na Stiúrthóirí thar ceann an Údaráis Áitiúil.

5. **Méid agus nádúr aon bhannaí, frithghealltanais, deontais agus/nó iasachtaí i ndáil le hiasachtaí faighte ag an Chomhlacht.**
   Neamhábhartha

6. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht.**
   Síntiús bliantiúil de stg£10,000 an t-aon réamhíocaíocht a thugtar do chomhlacht. Mar gur seo síntiús do na costais reatha, níl cosaint a bith eile riachtanach.

7. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta léirithe i gcuntais an údaráis áitiúil.**
   Tá cuntaisí iniúchta curtha isteach le bheith pléite ag an Chruinniú Ceann Bliana gach bliain i mí na Samhna/Nollag

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Comhlacht Bainistíochta Amharclainne Leitir Ceanainn Teo.
   (*Letterkenny Theatre Management Co. Ltd.*)

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Déanann an comhlacht seo bainistíocht ar An Grianán, an príomhláthair drámaí, ceol agus damhsaí san Iarthuaisceart, thar ceann Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhairle Baile Leitir Ceanainn. Is iad seo a leanas a phríomhghníomhaíochtaí: -

   - Rochtain a chur ar fáil chuig an chuid is fearr den drámaíocht, ceol, rince agus coiméide, idir áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, do mhuintir Dhún na nGall.
   - Scileanna ealaíonta agus cruthaitheach a chothú laistigh den phobal a bhuíochas de chur ar fáil clár de ranganna agus ceardlanna ag daoine proifisiúnta.
   - Ag cruthú agus ag tabhairt léiriúcháin amharclainne proifisiúnta d'ardcháilíocht ar chamchuairteanna ar mhaithe le lucht féachana úrnua a shroichint agus fostaíocht a chur ar fáil d'ealaíontóirí.
   - Forbairt ar lucht féachana/éisteachta níos óige agus níos éagsúla do na healaíona trí chlár de thionscnaimh oideachasúla do scoileanna agus grúpaí pobail.
   - Soláthar d'áis luachmhar don phobal i dtaca leis an fhoirgneamh agus a fhoireann.
   - Ag cur traenáil agus deiseanna forbartha scileanna ar fáil do dhaoine atá ag lorg slí bheatha sna healaíona gairmiúla.

   Cheannaigh 43,475 lucht féachana/éisteachta ticéidí d'imeachtaí san amharclann i rith 2005. and the theatre was host to several thousand other visitors and participants attending exhibitions, classes, school prize giving and competitions.

3. **Úinéireacht Scaireanna**
   Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal é Comhlacht Bainistíochta Amharclainne Leitir Ceanainn Teo

4. **Stiúrthóirí ainmnithe ag an Chomhairle:**
   Terry McEniff
   Bernard McGlinchey

5. **Stiúrthóirí ainmnithe ag Coiste Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall:**
   Anne Mc Gowan

6. **Stiúrthóirí ainmnithe ag Bainisteoir Contae Dhún na nGall:**
   Aideen Doherty, Oifigeach Forbartha Pobail agus Fiontair
   Seán McCormack, An Droim Boirne, Baile na nGallóglach

7. **Nádúr na mbannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
Tá iallach ar An Chomhairle, faoi théarmaí Gníomhas Cúnaint agus Dualgais idir an Chomhairle agus an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasasóireachta, frithghealltanas a dhéanamh ar chostais oibre An Ghrianáin ar feadh tréimhse 10 mbliana, ag tosnú i nDeireadh Fómhair 1999. Sa bhliain 2005 thug an Chomhairle €100,000 do chlár ealaíon agus feidhmiú na hAmharclainne; thug an Chomhairle cabhair airgid den chineál seo dóibh ó d'oscail an Amharclann. Chomh maith leis sin, tá maoiniú faighte ag An Grianán ón Chomhairle Ealaíon, o Chomhairle Baile Leitir Ceanainn agus ó FÁS.

8. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgead a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
Neamhábhartha.

9. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta léirithe i gcuntais an údaráis áitiúil.**
Tá íocaíochtaí i ndáil le Amharclann an Ghrianáin léirithe i gClárghrúpa 6, Caitheamh Aimsire agus Conláistí, Caiteachas Ioncam Reatha.

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Forbairt Leifir Teo. (*Lifford Development Ltd*)

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Tá baint ag an chomhlacht le forbairt agus athghiniúint soceacnamaíoch Leifir agus a chúltíortha nádúrtha. Tá talamh ar léas ón Chomhairle Contae le haonaid fiontair a fhorbairt.

3. **Úinéireacht Scaireanna**
   Neamhábhartha.

4. **Stiúrthóirí an Chomhlachta:**
   An Comhairleoir Jimmy Harte
   An Comhairleoir Gerry Crawford

5. **Nádúr na mbannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
   Cionroinnt na Comhairle don bhliain 2005 ionann le 2005 €10,000

6. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgid a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Neamhábhartha

7. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta léirithe i gcuntais an údaráis áitiúil.**
   Neamhábhartha

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Comhlacht Farantóireachta Loch Feabhail Teo. (*Lough Foyle Ferry Co. Ltd.*)

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Cuireann Comhlacht Farantóireachta Loch Feabhail Teo. seirbhís farantóireachta gluaisteáin ar fáil idir An Chaisleán Nua i nDún na nGall agus Aird Mhic Giollagáin, i gContae Dhoire. Tá an tseirbhís á maoiniú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall agus ag Comhairle Buirge Léim an Mhadaidh. Lena chois sin, chuir an comhlacht seirbhís farantóireachta gluaisteán ar fáil idir Ráth Maoláin agus Bun Crannchа, ar bhonn píolótach, ó mhí na Bealtaine go mí Mheán an Fhómhair 2004. Thug Comhairle Chontae Dhún na nGall síntiús de €100,000 mar thacaíocht don tseirbhís phíolótach seo

3. **Úinéireacht Scaireanna**
   Tá an comhlacht faoi theorainn ráthaíochta le scairchaipiteal.

4. **Stiúrthóirí an Chomhlachta:**
   Neamhábhartha.

5. **Coiste Bainistíochta**
   G Martin, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
   Sam McGregor, Comhairle Buirge Léim an Mhadaidh (éirithe as Samhain 2005)
   Valerie Richmond, Comhairle Buirge Léim an Mhadaidh (ó Shamhain 2005)
   Eileen Magee, Comhairle Buirge Léim an Mhadaidh
   Jim McClenaghan, Comhlacht Farantóireachta Loch Feabhail Teo.
   Jack McInerney, Comhlacht Farantóireachta Loch Feabhail Teo.

6. **Nádúr na mbannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
   Ar an 4 Meitheamh 2002, shínigh Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhairle Buirge Léim an Mhadaidh conradh oibre le *Lough Foyle Car Ferry Operations*. D'aontaigh an dá chomhairle uasmhéid bliantiúil de Stg£135,117, roinnte 50/50 idir an dá Chomhairle, d'easnamh feidhme ar bith. Thosaigh an bád farantóireachta ar an 11 Meitheamh 2002 agus tá an tseirbhís i mbun oibre i rith na bliana ó shin.

7. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgid a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Neamhábhartha.

8. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta léirithe i gcuntais an údaráis áitiúil.**
   Neamhábhartha.

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teo

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Tá baint ag an chomhlacht seo le bainistíocht Leader Plus agus le cláir bunaithe ar Pháirtíocht Ceantair laistigh de na ceantair Ghaeltachta, ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tuaithe agus pobail agus faigheann an chomhlacht tacaíocht ó Ranna éagsúla Rialtais.

3. **Share ownership**
   Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal é Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teo.

4. **Stiúrthóir ainmnithe ag Bainisteoir Contae Dhún na nGall**
   Neamhábhartha

5. **Stiúrthóirí ainmnithe ag an Chomhairle:**

   An Comhairleoir Éanna Ó Cnáimhsí

6. **Nádúr na mbannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
   Neamhábhartha

7. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgid a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Neamhábhartha

8. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta léirithe i gcuntais an údaráis áitiúil.**
   Neamhábhartha

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Seatem (Dún na nGall) (*Seatem (Donegal) Ltd.*)

2. **Príomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Lárionad Glaonna do Thicéidí agus Taisteal Idirnáisiúnta.

3. **Úinéireacht Scaireanna (Tairbheach)**
   Comhlacht faoi Theorainn Scaireanna.

4. **Ionadaíocht an Údaráis Áitiúil ar an Bhord**
   Níl ionadaíocht ag an Údarás Áitiúil ar an Bhord.

5. **Méid agus nádúr na mbannaí, frithghealltanais, deontais agus iasachtaí a thug an tÚdarás áitiúil i leith iasachtaí faighte ag an Chomhlacht**
   Cheannaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall an t-áitreabh ag Aonad 6 Eastát Tionsclaíoch Lios Feannáin ar chostas iomlán de €1,165,508.42 agus ligeadh amach ar léas é le Seatem (Dún na nGall) Teo. ar feadh tréimhse ó 14/10/02 to 30/09/08 ar chíos bliantúil de €145,517. Ar choinníoll go gcuirfear ar fáil an fhostaíocht srl atá leagtha amach sa Mheabhrán Chomhaontaithe, beidh an t-áitreabh aistrithe chuig Seatem (Dún na nGall) Teo. ag deireadh an léasa thuasluaite. Cheadaigh an socrú seo buiséad athchóirithe de €400,000 nach ndéantar aisíoc air. Tá €95,000 den airgead seo tugtha don chomhlacht go dtí seo.

6. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgid a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Tá úinéireacht an áitribh a choinneáil ag Comhairle Chontae Dhún na nGall go deireadh an léasa agus ní bheidh an sócmhainn seo aistrithe chuig Seatem ag deireadh an léasa sin mura gcomhlíonann an Comhlacht na coinníollacha atá leagtha amach sa Mheabhrán Chomhaontaithe. Ba chóir a lua gur aontaigh na Comhaltaí, ag Cruinniú na Comhairle ar an 29 Samhain 2004, an t-áitreabh ag Lios Feannáin, Fathain, a dhiúscairt le Seatem (Dún na nGall) Teo. de réir Alt 211 den Acht um Phleanáil & Forbairt, 2000, agus Alt 183 den Rialtais Áitiúil, 2001.

7. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta léirithe i gcuntas an údaráis áitiúil.**
   Beidh iniúchadh neamhspleách déanta ar thorthaí an Chomhlachta i.e. figiúirí i ndáil le cruthú fostaíochta srl., agus beidh siad curtha faoi bhráid Chomhairle Chontae Dhún na nGall ag deireadh gach bliain féilire ó dháta tosaigh an léasa.

1. **Ainm an Chomhlachta**
   Tuath Teo.

2. **Priomhghníomhaíochtaí an Chomhlachta**
   Oideachas agus Forbairt Pobail i gContae Dhun na nGall.

3. **Úinéireacht Scaireanna**
   Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal é Tuath Teo.

4. **Stiúrthóirí ainmnithe ag Bainisteoir Contae Dhún na nGall**
   Micheál Ó hÉanaigh, Stiúrthóir Seirbhísí

5. **Nádúr na mbannaí, frithghealltanais, deontais, srl.**
   Cionroinnt na Comhairle 2005 - €6,000

6. **An méid urrúis, más ann do, atá ag Údarás Áitiúil i leith airgid a réamhíocadh leis an Chomhlacht**
   Neamhábhartha.

7. **Cén dóigh agus cá háit a bhfuil torthaí an chomhlachta léirithe i gcuntas an údaráis áitiúil.**
   Neamhábhartha